Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5768/19**

**FIN 66**
**CLIMA 25**
**ENV 77**
**ENER 35**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Eanáir 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5367/19 |
| Ábhar: | D'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2018 dar teideal 'Demonstrating carbon capture and storage and innovative renewables at commercial scale in the EU: intended progress not achieved in the past decade' [Gabháil agus stóráil carbóin agus foinsí inathnuaite fuinnimh nuálaíocha a léiriú ar an scála tráchtálach san Aontas: níor baineadh amach le deich mbliana anuas an dul chun cinn a bhí beartaithe]<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Demonstrating carbon capture and storage and innovative renewables at commercial scale in the EU: intended progress not achieved in the past decade* [Gabháil agus stóráil carbóin agus foinsí inathnuaite fuinnimh nuálaíocha a léiriú ar an scála tráchtálach san Aontas: níor baineadh amach le deich mbliana anuas an dul chun cinn a bhí beartaithe], arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3670ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 28 Eanáir 2019.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

**'*Demonstrating carbon capture and storage and innovative renewables at commercial scale in the EU: intended progress not achieved in the past decade* '[Gabháil agus stóráil carbóin agus foinsí inathnuaite fuinnimh nuálaíocha a léiriú ar an scála tráchtálach san Aontas: níor baineadh amach le deich mbliana anuas an dul chun cinn a bhí beartaithe]**

**- Conclúidí ón gComhairle**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: '*Demonstrating carbon capture and storage and innovative renewables at commercial scale in the EU: intended progress not achieved in the past decade*' [Gabháil agus stóráil carbóin agus foinsí inathnuaite fuinnimh nuálaíocha a léiriú ar an scála tráchtálach san Aontas: níor baineadh amach le deich mbliana anuas an dul chun cinn a bhí beartaithe];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta agus AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leo i bhfianaise na rialacha atá le glacadh de bhun Airteagal 10a(8) den Treoir maidir leis an Scéim i ndáil le Trádáil Astaíochtaí d'oibriú an Chiste Nuálaíochta le linn na chéad chéime eile de Scéim an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (STA AE) ó 2021 go 2030; TÁ SÍ AG TNÚTH le tuilleadh plé idir na Ballstáit agus geallsealbhóirí eile sa chomhthéacs sin;

3. AITHNÍONN SÍ nár éirigh leis an gclár NER300 faoi Scéim an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí ná an Clár Fuinnimh Eorpach do Théarnamh (CFET), ar bunaíodh araon iad i 2009, an dul chun cinn a bhí beartaithe i ndáil le tacú le léiriú réimse níos fairsinge teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite nuálacha ná tionscadail gabhála agus stórála carbóin a bhaint amach; AONTAÍONN SÍ leis an gconclúid gurbh iad na dálaí codarsnacha infheistíochta ó 2012 amach ba chúis leis sin go minic agus leis an gcinneadh gur phríomhghné i gcliseadh tionscadal gabhála agus stórála carbóin na praghsanna ar an margadh carbóin a bheith níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis tar éis 2011; ina theannta sin AONTAÍONN SÍ leis an gconclúid go raibh gnéithe den chlár NER300 mar a dréachtaíodh é a d'fhéadfadh a bheith níos fearr;

4. CUIREANN SÍ I DTREIS a thábhachtaí atá tacaíocht fheabhsaithe ón Aontas do réimse leathan teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá nuálach sábháilte inbhuanaithe, lena n-áirítear le haghaidh giniúint agus bainistiú leictreachais agus teasa agus do phróisis agus táirgí tionsclaíocha, i gcomhthéacs na n-iarrachtaí chun cuspóirí chreat beartais 2030 an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh a bhaint amach, chomh maith leis na cuspóirí fadtéarmacha arna leagan amach i gComhaontú Pháras, agus i bhfianaise an idirphlé atá ar siúl i gcónaí maidir le straitéis aeráide fhadtéarmach an Aontais, na pleananna náisiúnta á gcur san áireamh;

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí agus atá sé cur le hacmhainn an Aontais tacaíocht éifeachtach a thabhairt do thionscadail a mbeadh tionchar suntasach acu ar laghduithe astaíochtaí a bhaint amach agus a gcúinsí náisiúnta agus cothromaíocht gheografach i measc na mBallstát á gcur san áireamh;

6. TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún ina chuid iarrachtaí, in éineacht leis na Ballstáit, chun feabhas a chur ar nósanna imeachta an chiste nuálaíochta le tionscadail a roghnú agus cinntí a dhéanamh i gcomparáid le NER300 agus aird á tabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh, agus lena áirithiú go bhfuil an ciste solúbtha a dhóthain chun freagairt d'fhorbairtí seachtracha chomh maith le forálacha soiléire cuntasachta; ina theannta sin, gan dochar don chaibidlíocht leanúnach atá ar bun maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil nua, SPREAGANN SÍ na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcomhordú agus chun sineirgí a lorg, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, idir na hionstraimí airgeadais éagsúla ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát atá ar fáil chun tacú leis an nuálaíocht ísealcharbóin inbhuanaithe agus slán san Aontas.

---